



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/553 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2026

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 agus (AE) 2024/1054 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaraithe ullmhóide arb é atá inti *Weizmannia faecalis* DSM 32016 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le haghaidh pórúcháin agus le bheith ina bhéaróg agus éin ornáideacha (sealbhóir an údaraithe: Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a mhodhnú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh ullmhóid arb é atá inti *Weizmannia faecalis* DSM 32016 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbeatha le haghaidh bainbh diúil *Suidae* agus bainbh scoite *Suidae*, éanlaithe clóis lena ramhrú agus éin ornáideacha agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1054 ón gCoimisiún ⁽³⁾, údaraíodh í mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbeatha agus in uisce óil le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina bhéaróg nó le haghaidh pórúcháin agus lena úsáid in uisce óil le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, éin ornáideacha agus bainbh diúil *Suidae* agus bainbh scoite *Suidae*.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach an 8 Lúnasa 2024 ar mhodhnú ar théarmaí údarú na hullmhóide *Weizmannia faecalis* DSM 32016, mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbeatha agus in uisce óil le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le haghaidh pórúcháin agus le bheith ina bhéaróg agus éin ornáideacha, iarratas inar iarradh cead an ullmhóid sin a úsáid go comhuaineach leis an gcoicideastat ampróiliam agus le teaglaim de choicideastait naraisín agus niocarbaísín, atá údaraithe mar bhreiseáin beathaithe. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarraidh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2020 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Weizmannia faecalis* DSM 32016 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh diúil *Suidae* agus bainbh scoite *Suidae*, éanlaithe clóis lena ramhrú agus éin ornáideacha (sealbhóir an údaraithe: Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH) (IO L 395, 25.11.2020, lgh. 5; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1755/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1054 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti *Weizmannia faecalis* DSM 32016 mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbeatha agus in uisce óil le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina bhéaróg nó le haghaidh pórúcháin agus lena úsáid in uisce óil le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, éin ornáideacha agus bainbh diúil *Suidae* agus bainbh scoite *Suidae* (sealbhóir an údaraithe: Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH), agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 a mhéid a bhaineann le téarmaí údarú na hullmhóide sin (IO L, 2024/1054, 11.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1054/oj).

- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 25 Meitheamh 2025 ⁽⁴⁾ nach n-athrófaí leis an modhnú atá beartaithe i dtéarmaí údarú na hullmhóide *Weizmannia faecalis* DSM 32016 na conclúidí ar thángthas orthu roimhe seo maidir le sábháilteacht an bhreiseáin sin le haghaidh na spriocspeiceas, na dtomhaltóirí ná an chomhshaoil. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl í an ullmhóid *Weizmannia faecalis* DSM 32016 ach ba cheart go measfaí gur íogróir craicinn agus riospráide í, agus go meastar go bhfuil riosca ag gabháil le hionanálú na hullmhóide agus lena nochtadh don chraiceann. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhfuil úsáid na hullmhóide sin comhoiriúnach leis an gcoicideastat ampróiliam agus leis an teaglaime de choicideastait naraisín agus niocarbaísín faoi na coinníollacha úsáide atá údaraithe faoi láthair. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas i measúnú roimhe seo i ndáil le hiarratas eile ar údarú an bhreiseáin chéanna, conclúidí agus moltaí a d'fhóraigh an tÚdarás sa tuairim uaidh an 25 Bealtaine 2020 ⁽⁵⁾, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, ní raibh gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha dá bhrí sin.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Weizmannia faecalis* DSM 32016 fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, agus téarmaí an údaraithe a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 agus (AE) 2024/1054 á modhnú, trí chomhoiriúnacht úsáid na hullmhóide sin leis an gcoicideastat ampróiliam agus le teaglaime de choicideastait naraisín agus niocarbaísín a shonrú. Ina theannta sin, ós rud é nach bhféadfadh na coicideastait sin a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach ceann de na speicis ná de na catagóirí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, níor cheart a n-úsáid chomhuaineach leis an ullmhóid *Weizmannia faecalis* DSM 32016 a bheith indéanta ach amháin i gcomhréir lena gcoinníollacha féin maidir le húdarú mar bhreiseáin bheathaithe.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755 agus (AE) 2024/1054 a leasú dá réir sin.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir leis an ullmhóid *Weizmannia faecalis* DSM 32016 le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le haghaidh pórúcháin agus le bheith ina bhéaróg agus éin ornáideacha a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as modhnú an údaraithe lena mbaineann a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1755

Cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1755.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2025;23:e9548. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9548>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(6):6158. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6158>.

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaís agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beatha (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

*Airteagal 2***Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1054**

Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2024/1054.

*Airteagal 3***Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe *Weizmannia faecalis* DSM 32016, mar a údaraítear le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1755 agus (AE) 2024/1054, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le haghaidh pórcháin agus le bheith ina bhéaróg agus éin ornáideacha, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le haghaidh pórcháin agus le bheith ina bhéaróg agus éin ornáideacha, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Aibreán 2026 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige									
4b1900	Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH	Weizmannia faecalis DSM 32016	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti Weizmannia faecalis DSM 32016 ina bhfuil íoschion 2 × 10 ¹⁰ ADC/g de bhreiseán Foirm sholadach Saintréithriú na substainte gníomhaí Spóir inmharthana de chealla Weizmannia faecalis DSM 32016 Modh anailíse ⁽¹⁾ Sainaithint: Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) – CEN/TS 17697.	Bainbh diúil agus bainbh scoite bainbh Suidae Éanlaith chlóis lena ramhrú Éin ornáideacha	-	1 × 10 ⁹	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Féadfar an breiseán a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait seo a leanas, i gcomhréir lena gcoinníollacha féin maidir le húdarú mar bhreiseáin bheathaithe: halafúigiónón, déchlasairil, sóidiam moinéinsine, hidreaclóiríd ribeinidín, sóidiam salanaimícine, ampróiliam, teaglaím de sódiam moinéinsine agus niocarbaisín agus teaglaím de naraísín agus niocarbaisín.	15.12.2030

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Áireamh sa bhreiseán beathaithe, sna réamh- mheascáin, sa bheatha chumaisc agus in uisce óil: Modh an leata ar phláta ar agar MRS (modh atá bunaithe ar mhodh EN 15787).					3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

IARSCRÍBHINN II

CUID I

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %		ADC/l d'uisce óil			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige											
4b1900	Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH	Weizmannia faecalis DSM 32016	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti Weizmannia faecalis DSM 32016 ina bhfuil íoschion 2×10^{10} ADC/g de bhreiseán Foirm sholadach Saintréithriú na substainte gníomhaí Spóir inmharthana Weizmannia faecalis DSM 32016 Modh anailíse (1) Sainaithint: Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) – CEN/TS 17697.	Gach speiceas éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina bhéaróg Gach speiceas éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin	-	1×10^9	-	5×10^8	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil. 2. Féadfar an breiseán a úsáid in uisce óil. 3. Féadfar an breiseán a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait seo a leanas, i gcomhréir lena gcoinníollacha údaraithe féin mar bhreiseáin bheathaithe: halafúigiónón, déchlasairil, sóidiam moinéinsine, hidreaclóiríd ribeinidín, sóidiam salanaimícine, ampróiliam, teaghlaim de sóidiam moinéinsine agus niocarbaisín agus teaghlaim de naraisín agus niocarbaisín.	1 Bealtaine 2034

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %		ADC/l d'uisce óil			
			Áireamh sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, sa bheatha chumaisc agus in uisce óil: Modh an leata ar phláta ar agar MRS (modh atá bunaithe ar mhodh EN 15787).							4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

CUID II

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/l d'uisce óil			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige									
4b1900	Biochem Zusatzstoffe Handels- und Produktionsges. mbH	Weizmannia faecalis DSM 32016	Comhdhéanamh an bhreiseáin Ullmhóid arb é atá inti Weizmannia faecalis DSM 32016 ina bhfuil íoschion 2×10^{10} ADC/g de bhreiseán Foirm sholadach Saintréithriú na substainte gníomhaí Spóir inmharthana Weizmannia faecalis DSM 32016 Modh anailíse ⁽¹⁾ Sainaithint: Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) – CEN/TS 17697.	Gach speiceas éanlaithe clóis a thógtar lena ramhrú Bainbh diúil agus bainbh scoite Suidae Éin ornáideacha	-	5×10^8	-	1. Sna teoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht in uisce óil. 2. Is in uisce óil amháin a úsáidfear an breiseán. 3. Féadfar an breiseán a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait seo a leanas, i gcomhréir lena gcoinníollacha údaráithe féin mar bhreiseáin bheathaithe: halafúigíonón, déchlorasairil, sóidiam moinéinsine, hidreaclóiríd ribeinidín, sóidiam salanaimícine, ampróiliam, teaghlaim de sóidiam moinéinsine agus niocarbaisín agus teaghlaim de naraisín agus niocarbaisín.	1 Bealtaine 2034

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraith	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailise	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						ADC/l d'uisce óil			
			Áireamh sa bhreiseán beathaithe, sna réamh- mheascáin, sa bheatha chumaisc agus in uisce óil: Modh an leata ar phláta ar agar MRS (modh atá bunaithe ar mhodh EN 15787).					4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga